Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10854 – GIC INVESTOR / KIA / OMERS / DCLI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 402/09)

1. An 10 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Epsom Investment Pte. Ltd. ("GIC Investor", Singeapór), faoi rialú deiridh GIC Special Investments Pte. Ltd. ("GICSI", Singeapór),

— Kuwait Investment Authority ("KIA", Cuáit),

— Omers Administration Corporation ("Omers", Ceanada),

— Direct ChassisLink, Inc. ("DCLI", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh GIC Investor, KIA agus Omers rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar DCLI ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is meán infheistíochta de chuid GICSI é GIC Investor. Bainistíonn GICSI punann domhanda infheistíochtaí i gcistí cothromais phríobháidigh, caipitil fiontair agus bonneagair, chomh maith le hinfheistíochtaí díreacha i gcuideachtaí príobháideacha,

— Bainistíonn KIA cistí infheistíochta Stáit Stát Chuáit mar infheisteoir domhanda,

— Is ciste pinsin Ceanadach é Omers, ciste a infheistíonn agus a riarann pinsin le haghaidh fostaithe ar scor de chuid bardas, bord scoile, leabharlann, ranna póilíneachta, briogáidí dóiteáin agus gníomhaireachtaí áitiúla eile in Ontario Cheanada,

— Is soláthraí fonnaí a oibríonn ar fud críochfoirt chalafoirt agus iarnróid thábhachtacha é DCLI.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le láimhseáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10854 – GIC INVESTOR / KIA / OMERS / DCLI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË